Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2024
(OR. en)

7094/24
PV CONS 7
AGRI 159
PECHE 84

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

26 Feabhra 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6742/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 6841/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Le haghaidh na míre seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 9. | Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21 Feabhra 2024 | 5679/24 + **COR 1**<br>5675/24<br>5678/24<br>CORLX |

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 6842/24

**Iascach**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún ICCAT agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 21 Feabhra 2024 | ❶C | 6454/24<br>PE-CONS 71/23<br>PECHE |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2)CFAE).

**Fostaíocht agus Beartas Sóisialta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Treoir lena leasaítear Treoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáítí**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 21 Feabhra 2024 | ❶C | 6455/24<br>PE-CONS 81/23<br>SOC |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a) CFAE).

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Treoir lena leasaítear na Treoracha maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21 Feabhra 2024 | ❶C | 6408/24<br>PE-CONS 67/23<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 53(1) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Rialachán maidir le híocaíochtaí meandracha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21 Feabhra 2024 | ❶C | 6407/1/24 REV 1<br>PE-CONS 76/23<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

**5.** **Rialachán lena leasaítear Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCóras Faisnéise Custaim chun é a ailíniú le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí** ❶C 6532/24 PE-CONS 89/23 ENFOCUSTOM

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21 Feabhra 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 16(2) CFAE).

**6.** **Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II')** ❶C 6531/24 + ADD 1 PE-CONS 75/23 **+ COR 1 (fi)** IXIM

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21 Feabhra 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 16(2), 87(2) pointe (a) agus 88(2) CFAE).

**I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.**

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. An gá atá le freagairtí gasta struchtúracha ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta — 6295/24 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

4. Talmhaíocht

(a) Modhnú ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 chun ceanglais GAEC 7 agus GAEC 8 a oiriúnú ionas nach mbainfear an bonn go mór d'iomaíochas fheirmeoirí an Aontais — 6880/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine*

(b) Talmhaíocht, CBT, biacheannasacht an Aontais: bia agus an tsochaí a athnascadh — 6903/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hIodáile*

(c) Glao ó fheirmeoirí na Slóvaice ar earnáil talmhaíochta atá iomaíoch agus athléimneach — 6877/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóvaice*

(d) An maolú ar chur i bhfeidhm chaighdeáin GAEC 7 agus GAEC 8 a athbhunú in 2024, agus an fhéidearthacht cur i bhfeidhm smachtbhannaí a tharscaoileadh i gcás neamhchomhlíonadh coinníollachta de dheasca na géarchéime in earnáil na talmhaíochta — 6926/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

**(e) Comhdháil Aireachta maidir leis an mBithshlándáil agus imdhíonadh: uirlisí riachtanacha chun galair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (an Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024): ceachtanna a foghlaimíodh agus an bealach chun cinn** — [2] 6676/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gComhdháil Aireachta dar teideal 'Bithshlándáil agus imdhíonadh: uirlisí riachtanacha chun galair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú': a tionóladh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024, agus na barúlacha ón gCoimisiún agus roinnt toscaireachtaí.

**(f) Sprioc laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2040 agus earnáil na talmhaíochta** [2] 6921/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na Polainne, chomh maith leis na barúlacha ó thoscaireachtaí eile agus an fhreagairt ón gCoimisiún.

Iascach

**(g) Bearta bainistíochta aontaobhacha le haghaidh iascaigh arna dtabhairt isteach ag an Ríocht Aontaithe** [2] 6828/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge, thar ceann thoscaireachtaí na Danmhairge agus na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Danmhairge ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Danmhairge agus na Sualainne, maidir le bearta bainistíochta aontaobhacha le haghaidh iascaigh arna dtabhairt isteach ag an Ríocht Aontaithe, agus na barúlacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(h) Úsáid éigeantach an chórais dhigitigh 'CATCH' chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac** [2] 6840/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le húsáid éigeantach an chórais dhigitigh 'CATCH' chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, agus na barúlacha ó na toscaireachtaí.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 6842/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II')**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**Ráiteas ón Danmhairg**

'Níor ghlac an Danmhairg páirt i nglacadh an chur chuige ghinearálta i ndáil leis an togra le haghaidh rialachán nua maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (Prüm II') mar gheall ar rogha na Danmhairge gan a bheith páirteach i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile. Mar sin féin, cuireann rialachán Prüm II leis an gcomhar Prüm atá ann cheana i réimse an mhalartaithe sonraí póilíneachta ina bhfuil an Danmhairg rannpháirteach faoi láthair. Tá an comhar sin a bhí ann ó roimh Chonradh Liospóin bunaithe ar chinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac. Is léir go ndeachaigh rannpháirtíocht na Danmhairge sa chomhar Prüm atá ann cheana chun tairbhe don dá thaobh agus bhíothas in ann imscrúdú éifeachtach agus forfheidhmiú an dlí a dhéanamh dá bharr.

Creidimid, dá bhrí sin, go ndéanfaí dochar ní hamháin do na huirlisí imscrúdaitheacha don Danmhairg ach go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen ina iomláine dá bhfágfaí an Danmhairg as an gcomhar. Molaimid go bhféachfaí ar na roghanna uile chun a áirithiú nach rachaidh an rialachán nua chun dochair don chomhar atá againn cheana féin chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac.
Cé gur díol sásaimh dúinn go n-áirithítear rannpháirtíocht na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen agus tríú tír mar shampla an Ríocht Aontaithe trí chomhaontuithe déthaobhacha, is oth linn nach rabhthas in ann go dtí seo teacht ar réiteach don Danmhairg. Dá bhféadfadh Ballstáit nach Ballstáit de chuid an Aontais iad dul i gcomhar leis an Aontas sa réimse sin, gan an deis sin a bheith ag an Danmhairg, ní bheadh an seasamh sin chomh fabhrach céanna ag an Danmhairg – Ballstát de chuid an Aontais agus Ballstát Schengen – ná ag stáit chomhlachaithe Schengen – agus ag tríú tíortha – maidir le comhar leis an Aontas sa réimse sin.

Leanfaidh an Danmhairg de réiteach pragmatach agus comhthairbheach a lorg idir an tAontas Eorpach agus an Danmhairg ar an ábhar tábhachtach seo.'